



Coláiste Aonad Bainistíochta:	Gnóthaí Acadúla UCD
Scoil Aonad:	Seirbhísí TF UCD
Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair (<i>más ábhartha</i>)	Riarthóir Córas TF - Speisialtóir Sinsearach TF
Tréimhse an Phoist:	Sealadach, Suas go dtí Aibreán 29
Grád:	Ríomhchláraitheoir 1
Teaghlach Poist:	Teicneolaíocht Faisnéise - Leibhéal Gairme 4
Tagairt Ghrádaithe Poist:	n/bh
Bainisteoir Líne:	Ceann Taighde TF nó ainmní
Uimhir Thagartha an Chomórtais:	018982
Riarthóir Acmhainní Daonna:	Arianna Eady

Achoimre ar an bPost:

Soláthraíonn Seirbhísí TF UCD na feidhmchláir TF lárnacha uile, agus tacaíocht agus bonneagar le haghaidh foirne agus mac léinn ar fud na hollscoile. Cuirtear fáilte roimh iarratais ar phost sealadach Riarthóir Córais TF - Speisialtóir Sinsearach TF laistigh d'fhoireann Taighde TF Sheirbhísí TF UCD. Go hidéalach, beidh taithí ag an riarthóir rathúil le taithí freastalaí Linux nó Windows. Cé go bhfuil príomhdhualgais an phoist seo nasctha le riarachán freastalaí Linux, táimid oscailte d'iarrthóirí a bhfuil taithí freastalaí Windows (nó réimsí teicniúla eile) den chuid is mó acu a bheith mar chuid den fhoireann, d'fhonn oiliúint a thrasnú isteach i Linux.

Cuireann an Fhoireann Taighde TF tacaíocht agus seirbhísí ardleibhéil, teicniúla ar fáil do Thaighdeoirí ar fud UCD agus áirítear ar ár bpríomhsheirbhísí Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta, stóráil sonraí, ailtireacht réitigh agus comhairle líonra & slándála. Mar chuid den fhoireann seo, tabharfar an deis d'iarrthóirí rathúil oibriú i dtimpeallacht dhinimiciúil ardfheidhmíochta, agus réitigh agus seirbhísí ardchaighdeán a sholáthar ar líne a thacaíonn le straitéis na hollscoile.

Chomh maith leis an bhfolúntas reatha, féadfar painéal a chur i bhfeidhm. Má thagann folúntas oiriúnach don ghrád seo chun cinn amach anseo, féadfaidh Seirbhísí TF UCD teagmháil a dhéanamh le hiarrthóirí ar an bpainéal seo chun a spéis agus a n-infhaighteacht leanúnach a dheimhniú.

Oibreoidh an t-iarrthóir rathúil a mbeidh ardleibhéal tionscnaimh acu agus féinriail á léiriú acu, agus beidh an cumas aige/aici seirbhís, próiseas nó córas iomlán a sheachadadh do lucht spéise sainithe. Éilítear leis an bpost ardleibhéal seirbhíse custaiméirí, scileanna anailíseacha agus teicniúla, agus tá sé oiriúnach do dhuine a bhfuil suim mhór acu i gcaidrimh láidre, chomhoibríocha a fhorbairt laistigh den Ollscoil. Soláthraítear deis forbartha pearsanta leis an ról, le hoiliúint leanúnach theicniúil, bainistíocht tionscadail agus AD ar fáil, chomh maith le deiseanna chun freastal ar chomhdhálacha ábhartha chun do chuid eolais a fheabhsú.

Tá an ról oiriúnach do dhuine atá ag iarraidh oibriú mar chuid d'fhoireann i dtaca le gníomhaíochtaí oibríochtúla agus tionscadail-bhunaithe éagsúla, de réir mar a fhoghlaimíonn siad go leanúnach agus a chuireann siad le saol na hollscoile.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

- Riarachán agus bainistíocht Bhraisle Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta UCD (Córas Oibriúcháin Linux).
- Seirbhísí do chustaiméirí agus seirbhísí tacaíochta teicniúla ardleibhéil a sholáthar do bhaill foirne agus do mhic léinn UCD, agus ag an am céanna tacú le hoibríochtaí laethúla laistigh de Thaighde TF.

- Saincheisteanna teicniúla a chomhordú, a anailísiú agus a mheas go criticiúil de réir mar a thagann siad chun cinn chun teacht ar chinneadh nó réiteach le leibhéal íosta treoraíocht mhaoirseachta.
- Saineolas teicniúil ardleibhéil a sholáthar do chomhghleacaithe in aonaid eile, agus d'úsáideoirí deiridh san Ollscoil chun réitigh theicniúla chomhtháite ó cheann ceann a sholáthar do bhaill foirne agus don fhoireann teagaisc agus bearnaí sa tseirbhís Taighde TF a aithint, agus réitigh ar na saincheisteanna seo á soláthar ag an am céanna.
- Deiseanna a aithint chun ceardlanna agus gníomhaíochtaí feasachta seirbhíse eile a phleanáil agus a sheachadadh, e.g. ábhar gréasáin, feachtais chumarsáide, físeáin bholscaireachta etc. Aiseolas a lorg agus a ionchorprú ón lucht freastail chun feabhas leanúnach a chur ar sholáthar na ceardlainne.
- Ag tabhairt faoi ghnáthriarachán agus cothabháil an chórais agus deiseanna a aithint chun feabhsuithe a dhéanamh ar an gcóras, de réir mar is gá.
- Próisis agus nósanna imeachta sonracha a fheabhsú laistigh de Thaighde TF, réitigh agus tionscadail theicniúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun éifeachtúlacht theicniúil a uasmhéadú.
- A chinntiú go bhfuil doiciméadú, nósanna imeachta, suíomh gréasáin agus acmhainní a bhaineann le Taighde TF cothrom le dáta agus ábhartha.
- Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht sheirbhísí Taighde TF, agus tuarascálacha tionchair agus tomhais feidhmíochta a sholáthar don bhainistíocht shinsearach de réir mar is gá.
- Cóitseáil, meantóireacht agus aistriú eolais go réamhghníomhach de réir mar is cuí do bhaill foirne eile.
- Doiciméid ábhartha a tháirgeadh ar shaincheisteanna teicniúla a bhaineann le Taighde TF agus dul i mbun cumarsáide le comhghleacaithe ina leith sin.
- Caidrimh a fhorbairt agus a bhainistiú le díoltóirí seachtracha, conraitheoirí, soláthraithe agus soláthraithe seirbhíse chun seachadadh seirbhíse a chinntiú agus réitigh atá éifeachtúil ó thaobh costas de a sholáthar.
- A chinntiú go meastar teicneolaíochtaí nua mar réitigh fhéideartha ar shaincheisteanna teicneolaíochta atá ann cheana.

Caithfear tabhairt faoi deara nach liosta iomlán é an liosta thuasluaite agus gur féidir dualgais agus freagrachtaí eile a leagan ar an sealbhóir poist ó am go chéile.

Scála Tuarastail: €59,477 - €71,492

Déanfar an ceapachán ar scála agus i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis faoi phinsean ar fáil ag:

<https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/>

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Fáiltimid roimh iarratais ó gach duine, iad siúd a shainaitníonn aon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe san áireamh. Tuilleadh eolais faoin Éagsúlacht ag <https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/>

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarrthóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

Critéir Roghnúcháin

Tá Creat Cnuasach Poist ag UCD agus tá an ról seo mar chuid de Chnuasach Poist na Teicneolaíochta Faisnéise agus tagann sé le Leibhéal Gairme 4. Tá tuilleadh sonraí ar na hinniúlachtaí feidhmiúla agus lárnacha atá leagtha amach sa Chreat Cnuasach Poist ar fáil ag <https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/>

Éigeantach:

Taithí agus Cáilíochtaí

Taithí ghairmiúil 4-5 bliana ag obair i ról a bhaineann le TF in eagraíocht mhór nó in institiúid tríú leibhéal agus cáilíocht tríú leibhéal a bhaineann le TF.

Inniúlachtaí Feidhmiúla

Ríomhchlárú & Forbairt Gréasán - Údarás/ eolas láidir teicniúil ar cheann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas: Linux Shell, SQL, LDAP, Python, Java, HTML, Creatlacha API agus saincheisteanna agus treoirilínte inrochtaineachta.

Bonneagar & Scamall - Údarás/ eolas láidir teicniúil ar cheann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas: Unix OS, Windows OS, bainistíocht ar fhreastalaí fíorúil, LDAP, AD, AWS, Azure, HPC, Gsuite, Ardán Scamaill Google agus Office 365. Tuiscint theicniúil láidir agus taithí ar IaaS

Gréasánú agus Slándáil TF - Údarás/ eolas láidir teicniúil ar cheann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas: Líonrú, TCP/IP, DNS, DHCP, Aimsiú Ionraidh, Slándáil Chríochphointe, Feasacht Slándála, Beartas Slándála, Iniúchadh Slándála/Measúnú Riosca, agus Freagairt ar Theagmhais Slándála. Eolas teicniúil substaintiúil ar chórais oibriúcháin (Linux agus Windows), Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta, Clársceidealú/Sceidealú Shell, ardáin foinse oscailte, sonrú comhpháirteanna crua-earraí

Bainistíocht Sonraí agus Éirim Ghnó (BI) / Anailísíocht - Tuigtear dea-chleachtas maidir le bainistíocht sonraí, cleachtais rialachais sonraí agus saincheisteanna teicneolaíochta a bhaineann le bainistíocht faisnéise fiontraíochta agus taighde acadúil, lena n-áirítear sonraí gnó, eolaíochta, cultúrtha agus GIS.

Príomhinniúlachtaí

- **Cumarsáid Éifeachtach:** An cumas dul i mbun cumarsáide scríofa agus labhartha atá soiléir, gan athbhrí, trédhearcach, agus comhsheasmhach le Luachanna UCD, chun faisnéis agus smaointe a chur in iúl agus a roinnt le daoine eile, éisteacht go cúramach, tuiscint a shoiléiriú agus tuairimí éagsúla a mheas.
- **Pleanáil agus Eagrú:** An cumas a gcuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú, tosaíochtaí soiléire a leagan amach agus a chinntiú go mbaintear spriocdhátaí amach, chomh maith le gníomhaíochtaí a eagrú, tascanna a scaradh agus a chur le chéile chun aschur a sheachadadh de réir tréimhse ama shoiléir chun cuspóirí Scoile/Aonaid/Coláiste/Ollscoile a bhaint amach
- **Feasacht Eagraíochta:** An cumas tuiscint láidir a léiriú ar UCD ina iomláine, lena n-áirítear struchtúir rialachais agus rialacháin, eolas suntasach ar an Tírdhreach Ardoideachais ina bhfeidhmíonn UCD.
- **Athrú a Bhainistiú:** An cumas cur chuige dearfach a ghlacadh maidir le dul i ngleic leis an obair agus le hathruithe a thagann chun cinn a ghlacadh agus fáilte a chur roimh aiseolas maidir le feidhmíocht agus déileáil leis ar bhealach cuiditheach. An cumas rannpháirtíocht chuí na bpáirtithe leasmhara i gcláir/tionscadail athraithe a chinntiú.
- **Caidrimh a Chothú:** An cumas caidrimh oibre éifeachtacha a chothú laistigh dá réimse féin agus ar bhonn níos leithne le comhoibriú agus comhar a spreagadh i réimsí eile agus comhpháirtíochtaí a chothú chun torthaí a bhaint amach.
- **Bainistíocht Tionscadail** Cumas a chinntiú go sainítear spriocanna, cuspóirí agus critéir ratha tionscadail nó cláir go soiléir ag an tús, ról agus freagrachtaí gaolmhara, spriocanna inghnóthaithe, garspriocanna a shoiléiriú agus plean tionscadail mionsonraithe a fhorbairt agus monatóireacht chúramach a dhéanamh ar an dul chun cinn ina aghaidh.
- **Fócas Seirbhíse agus Nuálaíocht:** Cumas riachtanais chustaiméirí a thuiscint agus a réamh-mheas, ag gníomhú chun táirge agus seirbhís ardchaighdeán a sholáthar chun ionchais na bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha go léir a chomhlíonadh.

Ní mór d'iarthóirí feacht ar chlár oibre comhionannais, éagsúlachta agus cuimsitheachta a léiriú

Inmhianaithe:

- Eolas bunúsach ar Ionaid Sonraí
- Eolas ar struchtúir UCD; roinnt eolais ar bheartais agus nósanna imeachta UCD i ndáil le Seirbhísí TF, Sonraí agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)
- Scileanna bainistíochta díoltóirí nó a chomhionann

Eolas Breise:

An Ollscoil:	https://www.ucd.ie/
Straitéis UCD 2030: Teorainneacha a Shárú	https://strategy.ucd.ie/
Scoil/ Oifig an Chláir/ an Aonaid:	https://www.ucd.ie/itservices/
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD	https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/